

Mona

Un heol gwenn a bare etre targosioù diskourret ar c'hleuz. Ur voualc'h a biklamme dirazomp penn-da-benn gwrimenn ar waremm. An amzer a oa skornet ha difiñv war an uhel.

— Selaou ! eme Alan.

Edo ur c'harr o pignat du-hont gant an hent. Draskadennoù ar rodoù o storlokat er skoaselloù, a zassone en aer yen, evel ma vije bet an hent tost tre, en tu all d'ar c'hleuz. Ar paotr-karr a gane.

— Ar portezour ! eme Alan. Bloaz zo ne 'm boa ket klevet e ganaouenn.

Alan a dride e galon o kavout hep kemm e vro c'henidik.

Dre ma kerzhemp, e tislege din :

— Bep lun, en ur vont da gas bleud da gêrioù ar menez, e kan ar portezour, abaoe bloavezhioù, ar ganaouenn a glevez. N'eus ket par, war e veno, d'an diskan-se da lakaat ar jav da vont ingal gant an hent.

Ne oa kemm ebet er vro, en amzer o vont e-biou.

Móna

Ba léir an ghrian bháite idir rosáin bhearrtha an mhóta. Chuaigh londubh de thruslóga rómhainn ar feadh colbh féir an choinicéir. Aimsear sheaca a bhí ann, agus gan smeámh ar na haird.

— Éist! arsa Alan.

Bhí cairt ag dul in aghaidh an aird thíos údan. Rinne toirnéis na roth agus iad dhá dtuairteáil sna balláin macalla san aer fuar, amhail agus dhá mbeadh an bóthar fíorghar do láthair, ar an taobh thall den mhóta. Bhí an carraera ag gabháil fhoinn.

— Buachaill an mhuilleora! arsa Alan. Tá sé bliain ó chuala mé ag gabháil amhráin é.

Gheit croí Alan ar fheiceáil dó go raibh a cheantar dúchais gan aon athrú.

Do réir mar a bhíomar ag siúl linn, cheartaigh sé dhom:

— Níl aon Luan le na blianta agus é ag tabhairt an bhleithigh chuig sráidbhailte an tsléibhe nach ngabhann buachaill an mhuilleora an t-amhrán a chluin tú anois. Dar leis, níl sárú na luinneoige sin ann le coiscéim chothrom a chur faoin gcapall ar an mbealach.

Ní raibh athrú ar bith ag teacht ar an tír le himeacht na haimsire.

Edomp degouezhet e penn pellañ ar waremm. Ul lamm a rejomp war ar c'hleuz gant nerzh hon arzelloù yaouank. Etre div wezenn-bin e tarzhas an draoñienn, gant koadoù ha brouskoadoù ruz war an holl diribinoù, pradoù glas er goueled, hag, er c'hroashent, du-hont, un ti a-zoare, nevez-razet, gwenn-kann.

En ur c'hoarzhin, Alan a astennas e zorn :

— Ar Gelvezeg Vihan !

Ti Mona.

Un hent kaer a oa da ziskenn.

Ne oa den en ostaleri. Ur gastolodennad dour a oa war an trebez, e-kreiz an oaled, ha, dindani, daou pe dri etev tan, o vogediñ.

N'emañ ket pell, a soñje Alan ; n'eo ket distaliet c'hoazh an daol ha dour skaotañ a zo war an tan.

Hag e oa diwezhat.

— O ! n'eus den ?

Azezañ 'reas Alan e-barzh an oaled, war ur piler koad, ha me er c'hogn all, war un dorchenn vroenn. Alan, gant ur skilhenn, a dabac'he ar glaou hag al ludu. Pignat a reas ur fulenn bennak er siminal.

— Kentañ gwech he gwelis, emezañ, e oa e pardon an Neñv. Fichet e oa, evel ma tle ur bennhêrez bezañ fichet ; voulouz betek he divskoaz, he brozh aour-neudennet, un davanjer seiz gwenn. Hep dale emichañs e vi pedet da vezañ paotr-enor...

An nor a zigoras war he fouez. Ur boutad avel a leunias an ti.

Alan a savas.

Bhíomar ag an gceann ab fhaide ó láthair den choinicéar. Chuamar de léim ar an móta le neart ar gcolpaí óga. Tháinig an gleann ar ar n-amharc go tobann idir dhá chrann péine, a ghuaillí ar fad faoi dhoirí agus faoi roschoillte rua, móinéir ghlasa in a íochtar, agus teach breá, úr-aolta, geal gléigeal amach tuilleadh ag an gcrosbhóthar.

Shín Alan uaidh a lámh, agus é ag gáire:

— An Choll-choill Bheag: Tigh Mhóna.

Bhí bóthar soghluaiste romhainn síos.

Ní raibh aonduine san óstán. Bhí sásan uisce ar an mbranra trí gcos, i lár an teallaigh, a dhó nó a trí de splancanna faoi, agus deatach orthu.

— Níl sí i bhfad ó bhaile, arsa Alan leis féin; tá an bord gan baint de fós agus uisce na ngréithí ar an tine.

Agus bhí sé ag dul chun deireanais:

— Ó! An bhfuil aonduine anseo?

Níor fríothadh freagra ar bith.

Shuigh Alan istigh ar an teallach ar smután adhmaid agus mise sa gclúid eile ar bhinsín luachra. Rinne Alan na haibhleoga agus an luaith a ghriogadh le sceilpeoig. Chuaigh aithinní suas an simléar:

— An chéad-uair dá bhfaca mé í, arsa seisean, b'ag pardon an Neív in Uhelgoad é. Bhí sí cóirithe mar is dual do bhanoighre a bheith cóirithe: bheilbhít gus nuig a guaillí, a brat órshnátha, naprún den tsíoda bhán. Is mór an seans go n-iarrfar ort gan mhoill a bheith mar fhear coimhdeachta...

D'oscail an doras go támáilte. Líon seada gaoithe an teach.

D'éirigh Alan in a sheasamh.

Ur paourkaezh kozh, krommet war e vazh, a zeuas tre, hag a azezas war ar gador dostañ.

— 'M eus aon n'emañ ket Mona er gêr, a lavare Alan, o vont hag o tont dre an ti.

An hini kozh a savas e benn. C'hoant en devoe lavarout un dra bennak. Hogen, ne reas nemet toc'hellat. Skopañ reas etre e zivesker. Ur wech ar mare ec'h anale hir hep krediñ klemm.

Ar yenijenn a c'hounenze an oaled.

An horolaj a skoas un taol. Alan a sellas ouzh an eur :

— Ne vo ket pell ken, a lavaras an hini kozh.

Daou vunud goude, e trouzas botoù-koad, er porzh.

Mamm Mona a zeuas en ti gant ur vriad vleñchoù.

— A ! salud, moereb !

— Sell, 'ta ! ha c'hwi a zo aze ?

— Ni eo !

— Ha pe vare oc'h degouezhet er vro ?

— Ar mintin-mañ.

— Hag emaoc'h pell zo en ti ?

— Ur pennad zo. Edomp o vont skuizh ha war-nes riellañ, a lavaras Alan, en ur farsellat.

— Gwir eo, pell on bet gant va zroiad. Hag a nevez 'ta, yaouankizoù ?

Mamm Mona a c'houlenne diganimp petra a oa nevez !

— N'eus e Kêr-Iz nemet traoù kozh...

— An ti amañ, d'an nebeutañ, a zo bet gwisket kaer, emeve ; 'm eus aon eo evit eured ar verc'h ?

— Feiz, va Doue, hag ez eo, ya !

Tháinig seandúine dona, a bhí cromtha ar a bhata, isteach, agus shuigh ar an gcathaoir ba ghoire dó.

— Tá faitíos orm nach bhfuil Móna sa mbaile, adúirt Alan agus é ag siúl síos suas an teach.

D'ardaigh an seanfhear a cheann. Bhí fonn air rud eicint a rá. Ach ba é a ndearna sé cáithíl chriotánach. Chaith sé smugairle amach idir a dhá chois. Ó am go ham thugadh sé anáil fhada leis, ach ina dhiaidh sin nach ndearna sé aon ghearán.

Ghabh an fuacht an teallach.

Bhuail an clog buille. D'fhéach Alan ar an am.

— Ní bheidh sí i bhfad eile, a dúirt an seandúine.

Dhá mheandar ina dhiaidh sin cluineadh torann bróga maide ar an tsráid.

Tháinig Mama Mhóna isteach agus gabháil bhrosna aici.

— A. Dia dhuit fhéin.

— Ní féidir gur sibhse atá ann?

— Is muid.

— A's cén uair a tháinig sibh don tír?

— Ar maidin.

— Agus an bhfuil sibh i bhfad anseo sa teach?

— Tamaillín. Bhí tuirse dhár mbualadh agus muid i ndáil le reoite, adúirt Alan ag magadh.

— Go deimhin is fada mé amuigh. Aon scéal nuaí a ógánacha?

Mama Mhóna ag fiafraí scéalta nuaí dínne!

— Níl i Kêr Iz ach seanscéalta...

— Tá an teach seo tar éis a ghléas go breá, ar aon chor, arsa mise; chuirfinn geall gur le haghaidh bainis t'iníne é?

— Sea mh'anam!

— A !... eme Alan.

— Ya ! nevez dimezet eo Mona. Ne ouiec’h ket ? Feiz ! pemzek deiz dres. Ret e oa ober d’an ti ur c’hempenn en diavaez, hag ur fich en diabarzh. Koulskoude...

— Pemzek devezh zo ?...

— O ! ur friko dister, ur friko paour...

— Evelato...

— Ya ! Mona ne vourre mui er Gelvezeg Vihan. Alies e komze diwar da benn... Pell zo e lavare e vije aet da labourat e kêr. Ur bennhérez !... Ma n’eo ket un druez !... An tad ez eas droug ennañ. Aner avat, eo bet dezhañ dialiañ Mona. Mont a reas da Vontroulez daoust d’he zad ha d’he mamm. Daou viz goude, e timeze gant ur martolod eus Kameled... An tad n’eo ket bet en eured.

— Na c’hwi ?

— O ! ar mammoù !... Daou zevezh on bet e Montroulez. Hogen, mall a oa ganin dont en-dro. Bremañ emañ an daou gozh o-unan er c’hroashent. Ne zeu den amañ abaoe m’eo aet kuit ar verc’h ; den. Pep hini, avat, a sent ouzh e blanedenn, ha kavout a ra din e vezo eürus.

— Ha gwaz Mona a ya d’ar mor ?...

Alan a glaske glaou bev el ludu, a daole warno tammoùigoù skolp, hag a c’hwezhe.

— Diwall, Alan, ma leugnin ar gastolodenn : an dour a zo war an tan a zo aet da aezhenn. Ha tan dindan, ma vezo prest ar rouzig bremaik.

— N’ouzon ket hag amzer hon eus, a lavaras Alan.

— A!... arsa Alan.

— I ndomhnach tá Móna tar éis pósta. Ní raibh a fhios agat é? Tá a mh'anam. Le coicís díreach. B'éigin taobh amuigh an tí a dheisiú agus slacht beag a chur air istigh. Ach pé acu sin é...

— Le coicís?...

— Bainis ghágach, bainis fhánach...

— Anois ru...

— Sea i ndomhnach! Ní raibh Móna sásta ní b'fhaide sa gColl-Choill Bheag. Ba mhinic a labhairíodh sí ortsá... Is fada ag rá í go ngabhfadh sí ag obair sa mbaile mór. Banoighre ru!... Nách é an truaí é!... Tháinig fearg ar a hathair. Bhí sé fánach aige, pé acu sin é, a bheith ag iarraidh Móna a thabhairt ar mhalairt intinne. Chuaigh sí go Montroulez de bhuíochas a hathar agus a máthar. Dhá mhí ina dhiaidh sin, phós sí máirnéalach as Kameled... Ní dheachaigh an t-athair ag an bpósadh.

— Ná tusa?

— Ó na máithreacha!... Dhá lá a chaith mé i Montroulez. Ach b'fhada liom go dtagainn ar m'ais. Tá an tseanbheirt leo fhéin anois ag an gcrosbhóthar. Ní thagann aonduine anseo ó d'imigh an iníon: aonduine. Caitheann gach aon géilleadh dá chinniúint, agus measaim go mbeidh sí sona.

— Agus tá fear Mhóna le dhul chun farraige?

Thóraigh Alan smeachaidí beo sa luaith, chaith sé sliseoigíní orthu, agus chuir séideog fúthu.

— Chugat, a Alan, nó go líona mé an sásan: tá an t-uisce atá ar an tine imithe in a ghail. Cuir tine faoi le go mbeidh an caifí réidh ar an toirt.

— Níl a fhios agam an mbeidh am againn, adúirt Alan.

— Emichañs n'oc'h ket deut d'ar gêr da labourat ?

Hag an ostizez a lakaas keuneud sec'h dindan an tre-bez. Mont ha dont a reas dre an ti. Skaotañ 'reas ar skudilli, hag un taol skub a reas d'an daol ha d'al leur-di.

— Ha te, Kaou, emezi, te a zo deut ivez d'ober ur weladenn dimp ?

— Ya, siwazh ! a huanadas an hini kozh. Ne oan ket evit chom ken, skornet e oan, ha va bizied a oa marv ouzhin. War an hent-se e c'hwezh un avel fall. A-boan ma em eus torret, er mintin-mañ, ur banerad vein.

— N'out ket yac'h, neuze ?

— Ha ne vezin ket ken ! Emañ an derzhienn warnon. Ur pistig a vir ouzhin plegañ va c'hein.

— Arabat dit dont da'z labour dre un amzer ken kriz.

— Dre amzer glouar ha dre amzer fall, e ranko ar re baour labourat dalc'hmat.

Hag e skopas etre e zivesker. Ober a reas ur sell ouzh ar boutailhoù :

— Kalz arc'hant a vankan deoc'h, pelloc'h, emezañ, lentik.

— Feiz ! Kaou, ne ran ket bemdez ar gont. Bez dichal, avat : ne vez lakaet war ar c'hoch nemet an dud onest. Petra 'gemberi ?

— Is mór an seans nach dtáinig tú abhaile le dhul ag obair?

Agus chuir bean an tí connadh tirim faoin mbranra. Chuaigh sí síos suas ar fud an tí. Nigh sí na plátaí. Thug scríob den scauib don bhord agus don urlár.

— Agus thusa a Kaou, arsa sise, tháinig tú ar cuairt chugainn freisin?

— Tháinig faraor! adúirt an seandúine d'osna. Ní raibh a sheasamh agam ní b'fhaide: bhí mé reoite, agus marbhleathair in mo mhéara. Tá gaoth fheannta ar an mbóthar sin. Níl ann ach gur bhris mé lán cléibhín de chlocha ó mhaidin.

— Níl an tsláinte go maith agat, mar sin?

— Tá mo chuid sláinte ar iarraidh níos mó! Tá criotán orm. Ní ligeann arainn dom mo dhruim a lúbadh.

— Ní call oibre atá dhuit ar aimsir chomh borb seo.

— Bíodh an aimsir mín nó bíodh sí borb caithfidh an duine bocht a dhul ag obair i gcónaí.

Agus chaith sé smugairle amach idir a dhá chois. Thug sé amharc ar na buidéil:

— Cé mhéad atá agat orm? arsa seisean go faiteach, taréis scaithín.

— Ó muise Kaou ní dhéanaim suas an cuntas gach uile lá. Ach ná bíodh imní ort. Ní chuirtear ar an scór ach na daoine cneasta. Céard a ólfas tú?
